Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2024
(OR. en)

8524/24

LIMITE

INF 97
API 67

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8522/24; 8523/24 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid<br>– Iarratas dearbhúcháin Uimh. 15/c/01/24 |

1. Tar éis an chomhairliúcháin i scríbhinn leis an Meitheal um Fhaisnéis, a seoladh an 29 Aibreán 2024 agus ar tháinig deireadh leis an 7 Bealtaine 2024, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an dréachtfhreagra ón gComhairle ar an iarratas dearbhúcháin thuasluaite, mar a leagtar amach in 8523/24 é, agus é á chur in iúl ag an Spáinn go bhfuil sé ar intinn aici vótáil ina choinne.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas faoi na míreanna ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

   - an dréachtfhreagra atá in 8523/24 a fhormheas

   agus

   - cinneadh a dhéanamh toradh na vótála agus an ráiteas ón Spáinn, mar a leagtar amach in 8524/24 ADD 1 é, a chur ar fáil don phobal.